
Oifig Fhear an Phobail um Pinsin

# Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004



Pensions
OMBUDSMAN
Fear an Phobail um Pinsin

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 2 |
| Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach | 3 |
| Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta | 4 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 5 |
| Clár Comhardaithe | 6 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 7 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 4 go dtí 8 iniúchta agam faoi Alt 143 (2) den Acht na bPinsean, 1990 mar a leasaíodh.

### FREAGRACHTAÍ FEAR AN PHOBAIL UM PINSIN AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá sé de freagracht ar Fear an Phobail um Pinsin faoi Alt 143 den Acht na bPinsin, 1990 mar a leasaíodh ráitis airgeadais a ullmhú do Oifig Fhear an Phobail um Pinsin. Tá sé de fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanach 3 ar an gcóras um rialiú inmheánach airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Fear an Phobail treoir infheidmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann an Fear an Phobail amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le fáisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúctha agam.

### AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh agus a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil leis an mbealach a bhainistítear agus a oibrítear na comhlachtaí sin.

Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Oifig, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois no neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin.

I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

### TUAIRIM

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Oifig Fhear an Phobail um Pinsin agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí Oifig Fhear an Phobail um Pinsin ar an 31 Nollaig 2004 agus ar a hioncaim agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

**John Purcell**
*Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*
30 Nollaig 2005

# Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Oifig bheag in aonad amháin atá in Oifig Fhear an Phobail um Pinsin. Tá foireann iomlán d'ochtar ann, Fear an Phobail, Ceannaire Imscrúduithe, triúr imscrúdaitheoirí, bainisteoir oifige agus beirt oifigeach eile.Tá an fhreagracht as cinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach Rialaithe Inmheánaigh orm féin mar Fhear an Phobail.

Ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go ndéantar taifeadadh ceart orthu, agus go gcuirtear cosc ar, nó go mbraitear i dtréimhse thráthúil, botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha.

Thóg mé féin agus foireann na hOifige seo céimeanna lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais ann, trí chóras rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar eolas rialta ar chaiteachas a chur ar fáil don bhainistíocht, gnáthaimh riaracháin ina bhfuil leithscaradh dualgas ina measc, agus córas tarmligin freagrachta. Tá na gnáthaimh seo a leanas ina measc:

- Cuirtear meastachán bliantúil ar ár riachtanais airgeadais dár Máthair-roinn, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.
- Cuirtear tuarascáil a dhéanann comparáid idir caiteachas measta agus fíorchaiteachas ar fáil don Roinn dhá uair in aghaidh na bliana.
- Déantar caiteachas uile na hOifige seo a thaifeadadh ar chóras cuntasaíochta mórleabhair ghinearálta na Roinne. Réitíonn rannóg Cuntas na Roinne tuarascáil chaiteachais mhíosúil. Ansin scrúdaíonn an bainisteoir oifige é de réir na dtaifead atá san Oifig.
- Ullmhaíonn an bainisteoir oifige ráiteas caiteachais míosúil a dhéanann comparáid idir caiteachas measta agus fíorchaiteachas. Scaiptear é seo leis na baill foirne ar fad agus déanaim féin athbhreithniú air.
- Tá leithscaradh dualgas ann idir ullmhú, údarú agus íocaíochtaí a chur i gcrích.
- Cuirfidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh feidhm iniúchta inmheánaigh ar fáil.

Dearbhaím go ndearna mé athbhreithniú ar chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh na hOifige i rith na bliana 2004.

**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

22 Nollaig 2005

# Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

## 1. Bunús Ullmhaithe

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, ach amháin mar a leagtar amach thíos, de réir phrionsabail chuntasaíochta a ghlactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil, agus cloíonn siad leis na caighdeáin chuí tuairiscithe airgeadais agus le riachtanais Ailt 143 de Acht na bPinsean 1990 (curtha isteach ag Alt 5 de Acht na bPinsean (Leasú), 2002).

## 2. Deontais Oireachtais

Is é atá i nDeontas an Oireachtais ná iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar son na hOifige i mbliain an chuntais.

## 3. Pinsin

Clúdaíonn na socruithe pinsin Státseirbhíse fostaithe Fhear an Phobail um Pinsin, toisc gur Státseirbhísigh iad, ach amháin Fear an Phobail um Phinsin atá ceaptha ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Níl críoch curtha fós le teidil phinsin Fhear an Phobail um Pinsin.

## 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ar bhonn líne dhírigh ag rátaí atá measta chun na sócmhainní a laghdú go luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saolta úsáideacha ionchais mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh TF agus Oifige | 20% Líne Dhíreach |
| Trealamh agus Feisteas | 10% Líne Dhíreach |

## 5. Cuntas Caipitil

Is é atá in iarmhéid an Chuntais Chaipitil ná luach neamh-amúchta an ioncaim a chuirtear i bhfeidhm do chaiteachas caipitil.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais


## don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

| | Nótaí | 2004<br>€ | 2003*<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 1 | 500,893 | 341,582 |
| Aistriú (go)/ó C(h)untas Caipitil | 5 | 4,578 | (116,112) |
| Ioncam Iomlán | | 505,471 | 225,470 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 2 | 379,547 | 129,074 |
| Riarachán | 3 | 105,858 | 78,190 |
| Dímheas | 4 | 20,368 | 18,206 |
| Táille Iniúchta | | 3,000 | - |
| Caillteanas ar Shócmhainní Seasta a Dhiúscairt | | 1,178 | - |
| Caiteachas Iomlán | | 509,951 | 225,470 |
| Barrachas Caiteachais thar Ioncam | | 4,480 | - |

* 28 Aibreán go 31 Nollaig 2003

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais ag Oifig Fhear an Phobail um Phinsin sa bhliain airgeadais seachas iad siúd a phléitear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

22 Nollaig 2005

# Clár Comhardaithe

## ar 31 Nollaig 2004

| | Nóta | 2004 € | | 2003 € | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 4 | | 111,534 | | 116,112 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | | 2,316 | | | |
| Airgead ar Láimh | | 11 | | 100 | |
| | | | 2,327 | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe agus Méideanna Fabhraithe | | (6,807) | | (100) | |
| | | | (6,807) | | - |
| **Glansócmhainní** | | | 107,054 | | 116,112 |
| **Léirithe Ag** | | | | | |
| Barrachas Caiteachais thar Ioncam | | | (4,480) | | - |
| Cuntas Caipitil | 5 | | 111,534 | | 116,112 |
| | | | 107,054 | | 116,112 |

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

22 Nollaig 2005

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

## 1. Deontas Oireachtais

Soláthraíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh an maoiniú ar fad do Oifig Fhear an Phobail um Pinsin agus déanann siad na híocaíochtaí uile ar son na hOifige. Réitíonn ioncam iomlán na hOifige leis an suim a gearradh ar Chuntas Leithghabhála an Vóta Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh – €500,893 i 2003.

## 2. Costais Foirne

Is é atá i gCostais Foirne Oifig Fhear an Phobail um Pinsin ná

| | 2004<br>€ | 2003<br>€ |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 371,147 | 127,985 |
| Taisteal agus Cothú | 8,400 | 1,089 |
| | 379,547 | 129,074 |

Ba é líon iomlán na foirne fostaithe ag an Oifig i 2004 ná 8, Fear an Phobail ina measc.

## 3. Costais Riaracháin

Ba iad Costais Riaracháin Oifig Fhear an Phobail um Pinsin ná

| | 2004<br>€ | 2003<br>€ |
|---|---|---|
| Costais Theagmhasacha | 57,422 | 20,598 |
| Post agus Teileachumarsáid | 2,923 | 475 |
| Priontáil/Páipéarachas | 26,428 | 8,146 |
| Innealra Oifige/TF (Neamh-Shócmhainn) | 1,409 | 1,273 |
| Cothabháil, Troscán agus Feisteas (Neamh-Shócmhainn) | 17,676 | 47,698 |
| | 105,858 | 78,190 |

## 4. Sócmhainní Seasta

| | TF Crua-earraí € | Troscán agus Feisteas € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní ar Chostas** | | | |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2004 | 47,735 | 86,583 | 134,318 |
| Breiseanna | 7,594 | 9,374 | 16,968 |
| Diúscairtí | (1,473) | - | (1,473) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2004 | 53,856 | 95,957 | 149,813 |
| **Costas Dímheasa** | | | |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2004 | (9,547) | (8,659) | (18,206) |
| Táille don Bhliain | (10,772) | (9,596) | (20,368) |
| Diúscairtí | 295 | - | 295 |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2004 | (20,024) | (18,255) | (38,279) |
| **Glanluach Leabhair** | | | |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2004 | 38,188 | 77,924 | 116,112 |
| Gluaiseacht don Bhliain | (4,356) | (222) | (4,578) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2004 | 33,832 | 77,702 | 111,534 |

## 5. Cuntas Caipitil

| | € | € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2004 | | 116,112 |
| Brabús/(Caillteanas) ar Shócmhainní Seasta a Dhiúscairt 2004 | (1,178) | |
| Sócmhainní Seasta a Cheannach | 16,968 | |
| Amúchadh de réir Dímheasa Sócmhainne | (20,368) | |
| Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (4,578) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2004 | | 111,534 |

## 6. Áitreabh

Faigheann Oifig na nOibreacha Poiblí an lóistín ina bhfuil Oifig Fhear an Phobail um Pinsin ag 36 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 ar chíos agus íocann sí as. Ní ghearrtar aon táille ar Oifig Fhear an Phobail um Pinsin as an lóistín. Ba é €172, 500 caiteachas iomlán Oifig na nOibreacha Poiblí ar áitreabh do Fhear an Phobail um Pinsin.